




20.



21.

Cuimhní Cinn ar an bPléaráca

Cuimhní Cinn ar an bPléaráca

Beartla M. Ó Flatharta
(Máirtín Bheartla Choilm Phádraig Rua)


*Neart inár ngéag,
fírinne inár gcroí,
& beart de réir ár mbriathar!*
- Oisín, Geamaireacht an Phléaráca.

Aisteach go leor, cé gur le drámaíocht is mó atá ceangal agamsa leis an bPléaráca thar na mblianta, bhí ról eile agam nuair a chur mé aithne ar an bhFéile i dtosach.

Bhí Féile an Phléaráca beo beathach ar fud Chonamara nuair a tumadh isteach i ndomhan aerach an Phléaráca mé don chéad uair sa bhfómhar i 1998. Bhí an t-ádh dearg orm mar go rabhthas ag obair ar an gclár faisnéise *Pobal & Pléaráca* ag an am faoi stiúir Johnny Gogan (Bandit Films) agus á léiriú ag Brian Ó Cróinín.

Ní dhéanfaidh mé dearmad ar an bhfáilte, an fhlaithiúlacht, an fuinneamh agus an spiorad a bhí thart ar an bhféile ag an am i measc lucht riartha agus eagraithe na féile, i dteannta, na daoine a bhí rannpháirteach ann idir ealaíontóirí agus lucht féachana. Is beag nár lasadh Tigh Sé ar an gCeathrú Rua leis an méid sin aithinneachaí a baineadh as na cláir thiar ann agus d'fhéadfaí tine phortaigh a mhúchadh leis an méid allais a cuireadh thiar i mBéal an Daingin nuair a bhí na Sawdoctors ag casadh Tigh Darby.

Bhí spiorad san aer mar a bheadh macnas ann agus bhí sé de phribhléid agam *Oisín*, Geamaireacht an Phléaráca a léiriú don stáitse i 2004. B'iad Jackie Mac Donncha, Seán Ó Loideáin agus Seán Leainde (beannacht Dé leis) a chuir peann le pár agus a chruthaigh *Oisín* le Diarmuid De Faoite i mbun eagarthóireacht scripte. Bhí scór sa chliar agus scór eile ag obair leis an léiriúchán agus tháinig siad as chuile chearn. Is san Ionad Fiontair i Ros Muc a chaith muid oícheantaí fada Geimhridh ag cleachtadh ionas go mbeadh muid faoi réir don stáitse san Earrach.



Póstaer Geamaireacht Oisín
(Póstaer deartha ag Siobhán Ní Mhuiri)

Nach minic ar baineadh rachtanna gáire asainn ansin is muid ag obair ar an aisteoireacht, an stáitsíocht agus an cur i láthair le chéile. Thaistil an Gheamaireacht ó Chill Chiaráin, Tír an Fhia, An Cheathrú Rua, Corr na Móna, Sailearna, An Taibhdhearc, Inis Oírr, Inis Meáin, Ráth Cairn, BÁC agus chríochnaigh sí sa Chrannóg i Ros Muc. Caithfear é a lua go bhfuair muid tacaíocht den scoth agus aire na huibhe ó Pheigí Ní Chonghaile agus ó Meta Uí Mháille ag an am.

Nuair a thosaíonn duine ag smaoineamh siar nach iontach an rud é ar bhealach an méid atá déanta agus atá bainte amach. Cuimhním ar na Campaí Samhraidh *Beocht* agus an spraoi a bhíodh againn agus ag na gasúir le Sinéad Ní Ghuidhir, Padraic Ó Flatharta & Áine Ní Fhlatharta. Is deacair dearmad a dhéanamh ar an léiriú álainn a bhí againn de *Sáile* in Amharclann Chois Fharraige i 2006 nuair a bhí Leabhar Mór na



22.



24.



25.



20



27.



Oisín - Cuid don Chliar & Foireann

Gaeilge/Gáidhlig ar chamchuiart ar fud na tíre agus taispeántas de ag an bPléaráca. Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an gcraic a bhí againn nuair a fuair Danny Wallace crann ar iasacht, an canbhás a ghearr sé, na póilíní a fuair sé agus na rópaí a cheangal sé le macasamhail de ghleoteog a chur ar an ardán. Bhí againn í a thabhairt siar ag na rástaí ag Féile an Dóilín! Cuimhním go minic ar Ghriogair Labhraidh, an tAlbanach a bhí mar rí an cheoil ann lena chuid ríleanna Albanacha ar na píobaí, ba bheag nár leag sé an teach leis an ardú agus meanma croí a bhí ann ag deireadh na hoíche.



Fionn Mac Cumhal - Tommy Khate Ó Mainín

I gcroílár na hoibre atá ag an bPléaráca, tá an Óige. Is go deimhin, tá sé amhlaidh linne chomh maith agus tá comhpháirtíocht drámaíochta ar siúl i gcónaí eadrainn. Bhí Padraic Ó Flatharta mar áisitheoir drámaíochta ar Réaltóga agus mar Dhrámadóir Cónaitheach i Scoil Chuimsitheach Chiaráin anuraidh. Domsa, is mé ag cuimhneamh ar an bPléaráca ní féidir ach smaoineamh ar an bhfoireann, ar na pearsa a bhí agus atá ag obair san eagraíocht ó thús aimsire agus ó lá go lá go dtí an lá atá inniu ann agus ar ndóigh na daoine, bail ó Dhia orthu, a thugann a gcuid ama go deonach is go fial flaithiúil don eagraíocht. Cuimhním ar an bhfáilte a chuirtear roimh dhaoine, an muigín tae, an crua-chaint agus an dea-chaint, an díospóireacht, an saothar chun oibre, an saothar a théann san obair chun seirbhísí pobail agus imeachtaí Ealaíon a chur agus a choinneáil sa tsiúil. Bunaíodh Féile an Phléaráca i 1991 agus Pléaráca Teo., i 1993 agus iad go mór i mbéal na ndaoine i gcónaí. Sin scór bliain ar an bhfód idir an péire acu, an gcreidfeá sin? Go maire sibh scór agus tuilleadh leis!

Seán Leainde:

Níl sé ceart is dócha a bheith ag trácht ar dhuine amháin thar duine eile mar gur chuir chuile dhuine beo croí agus anam isteach sa léiriú. Ach ba mhinic níos mó a bheith ag tarlú ar chúl stáitse ná ar an stáitse agus bhí sé de phléisiúr agam a bheith bealach a thabhairt siar is aniar do Sheán



Seán Leainde

Leainde ag cleachtaí. Is mura ndearna muid neart bladarála le chéile agus gairí ní lá go maidin é. Bhíodh muid ag comhrá ar dhrámaíocht seasta agus ag plé na scrípte go minic le bealaí a aimsiú chun carachtair nó radhairc a neartú.

Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an tráthnóna a raibh muid ag dul siar go Ros Muc agus dúirt sé "Mo chuimhne, a Bheartla an bhfuair tú deis an fhadhb sa radharc sin leis an tine a réiteach?" Ag pointe sa scéal, bhí deacracht ag na Fianna bochta seo borradh a chur faoin tine ina gCampa! Ach ar aon chaoi, dúras le Seán nach bhfuair agus go deas staidéarach chas sé chugam agus deir sé "Meas tú nach gcuirfeadh Conán Maol in aer an tine?" Bhí an pháirt sin aige sa Gheamairacht. "Cén chaoi?" a dúras. D'fhreagair sé mé agus meangadh gháire ar a bhéal "Meas tú nach ndéanfaidh Conán Maol an beart agus broim a scaoileadh uirthi!" Is beag nár chuir mé an carr den bhóthar.

Duine ar bith a chonaic Seán Leainde ar an ardán thuigfeadh siad an cumas aisteoireachta agus an cumas grinn a bhí ann. Bhí fíor thuiscint rithime aige ar an ardán. Ach leis sin, bhí taobhanna eile leis an bhfear, bhí croí mór aige, meabhair intinne agus tráthúlacht chainte a bhí deacair le sárú. Go dtuga Dia suaimhneas síoraí dó ar stáitsí agus ar chúl stáitsí na bhflaitheas.

Ceara Conway

Fós ag Fás

Cuireadh ceist orm píosa gairid a scríobh faoin obair a rinne mé le Pléaráca agus mo thréimhse cónaithe le Suzanne Lacy i Los Angeles. Ag smaoineamh ar na blianta sin, an rud is mó a sheasann amach dom ná an méid a d'athraigh mo chuid smaointe agus mo chuid modhanna oibre maidir le hEalaín Pobail.

D'fhill mé ar an tír seo i 2005 agus mé lán le smaointe agus le fuinneamh. Ag an am sin bhí roinnt taithí faighte agam i nDún Éideann, le ArtLink agus The Whale Arts Centre, agus chomh maith leis sin, bhí cáilíocht iar-chéime agam in Oideachas san Ealaíon Pobail ón gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha. Fuair mé deiseanna iontacha ó Ealaín na Gaeltachta, agus ó ionaid cosúil le Pléaráca. In 2006 agus 2007, rinne mé dhá thionscadal mór le Pléaráca, "Ó Ghluín Go Gloine" agus "Daoine agus Dreach."

Is cuimhin liom go raibh Meta Uí Mháille agus Peigí Ní Chonghaile an-oscailte agus gur thaitin leo cloisteáil faoi smaointe nua-aimseartha a bhí agamsa agus ag ealaíontóirí eile. Tá sé tábhachtach go dtabharfaí deis d'ealaíontóirí a gcuid ábhar a fhiosrú agus nach mbeadh an bhéim ar fad ar an toradh. Thug siad tacaíocht iomlán dom i gcónaí. Tá go leor oibre déanta



Ceara Conway



Ón togra le Suzanne Lacy

agam ar fud an domhain, agus caithfidh mé a rá go raibh Pléaráca chomh gairmiúil agus go raibh comhlúadar iontach agam ann. Tá sé cosúil leis an teaghlach sa bhaile, nuair a bhuailéann mé siar go Ros Muc níl aon 'airs ná graces' ann. Tá a gcuid cosa ar an talamh agus a gcroí san áit cheart. Is iontach an áit é d'ealaíontóir ar bith mar go bhfuil gaol ag an bpobal leo agus go bhfuil muinín astu.

Chun barr feabhais a chur ar mo chuid oibre, caithfidh mé breathnú siar agus mo chuid oibre a cheistiú. In 2011, cheistigh mé céard a spreag mé, agus cén fáth. Sin é an fáth ar chas mé leis an ealaíontóir Suzanne Lacy. Is ealaíontóir idirnáisiúnta í, agus tá clú agus cáil bainte amach aici ar fud an domhain maidir lena cuid oibre. Tá obair déanta aici don Guggenheim, An Tate, An Getty Museum agus neart áiteanna eile. Bunaíonn sí a cuid oibre ar ábhar cosúil le foréigean agus le éigniú. Thapaigh mé an deis agus scríobh mé chuici. D'inis mé di céard a bhí bainte amach agam, faoi mo chuid scileanna, an méid suime a bhí agam ina cuid oibre agus d'fhiafraigh mé an bhféadfainn obair in éineacht léi. Agus ghlac sí liom! Fuair mé tacaíocht iontach ó FUND IT agus on gComhairle Ealaíon, agus bhuail mé anonn go

Los Angeles ag obair ar feadh trí mhí. Ní féidir a chur i bhfocal an méid a d'fhoghlaim mé. Fuair mé tuiscint ar na bealaí a n-oibríonn coimisiúin ar scálaí móra millteacha agus ar an gcaoi a n-oibríonn comhrá coireagrafaíochta mar phíosa ealaíne. Múinteoir iontach a bhí inti agus d'fhoghlaim mé chomh maith cé go raibh scileanna iontacha agus éagsúla aici go raibh an oiread céanna smaointe agamsa agus a bhí ag Suzanne.

Feicim anois go bhfuil mo stíl oibre ag athrú. An rud is tábhachtaí domsa anois ná go mbeadh níos mo béime agam féin in san dearadh. Tá níos mo muiníne agam i m'aighe féin agus níos lú béime agam ar mhúineadh scileanna. Tá mé ag obair ar chúpla tionscadal nua faoi láthair. Tá mé ag obair le lucht Iarrtha Tearmainn agus ar thogra eile le Heather agus Dan Ackroyd, beirt ealaíontóirí a rinne obair do Chluichí Oilimpeacha na bliana seo. Ar bhealach, amhail is mó oibre a dhéanann mé, is mo aithne a chuireann mé orm féin. Tá mé oscailte d'athrú agus téann mé sa seans.

<http://www.wix.com/cearaconway/artist>



Ón togra le Suzanne Lacy

Ríonach Ní Néill

Damhsóir

Thosaíos ag obair le Pléaráca i 2008, mar rinceoir cónaithe sa phobal. Is cuimhin liom go maith an t-aistear fada as Baile Átha Cliath, an timpeallacht ag éirí níos áille, gur shroicheas Ros Muc. Mo chéad turas chuig an nGaeltacht! Ag obair le Majella Ní Chríocháin (a bhí ina hOifigeach Ealaíon do Phléaráca ag an am), Peigí Ní Chonghaile agus Meta Uí Mháille, mhúineas rince comhaimseartha agus cruthaitheach do ghasúir idir aois 3 agus 16 agus do dhaoine fásta, i dTír an Fhia, Ros Muc, agus ar an gCeathrú Rua. Caithfidh gurb é an stiúideo rince is áille ar domhain ná clós Scoil an Chnoic óna bhfuil radharc ar an bhfarraige. Thug an grúpa déagóirí ainm orthu féin - Na hEalaí Óga - agus léiríomar tograí rince don phobal i gColáiste Éinne, Scoil Chiaráin agus le linn fhéilte an Phléaráca. Chan Ciarán Ó Conncheannáin 'An Mhaighdean Mhara' le linn cheann de na tograí rince, a ghuth binn á spreagadh. Is leis an ngrúpa seo a thosaigh Eoin Mac Donncha ag rince, atá ina rinceoir proifisiúnta san Eilbhéis anois. Ag na campaí samhraidh rince a reáchtáil muid, mhúin Pádraig Ó hOibicín rince ar an sean-nós agus ba mhór an chraic na gasúir a fheiceáil ag rince sa Chistin ina dhiaidh.



Seandálaíocht

Is le Pléaráca a fuair mé an deis tosú ag cóireagrafaíocht dhom féin. D'iarr Majella orm fhéin agus ar Sheosamh Ó Neachtáin dísead a chumadh don fhéile. Ba mhór an dúshlán é nascadh a fháil idir rince comhaimseartha agus an rince ar an sean-nós ach fuaireamar i Miles Davis é agus as sin a tháinig 'Miles Milis'. I 2001 thug Pléaráca mo chéad choimisiún dhom agus chruthaíos 'Seandálaíocht'. Tá guthanna pháistí Scoil an Chnoic agus glór Áine Ní Dhonncha le cloisteáil ann scáth an chorr éisc agus seolta húicéara le feiceáil agus is mé á rince le deich mbliana anuas ag féilte ar fud na tíre, i Sasana agus sa Ghearmáin, mothaím go bhfuil áilleacht agus fáilte na háite fós liom. Mo mhíle buíochas le Pléaráca.

Eoin Mac Donncha

Damhsóir



Naoi mbliana déag d'aois a bhí mé nuair a thuig mé gur theastaigh uaim bheith i mo dhaimseoir gairmiúil. Beart neamhghnáthach is dócha a bhí ann do bhuachaill ó iarthar na hÉireann. Bhí rud éigin ag insint dom gurb é seo a bhí ndán dom. Ní fhaca mé aon fiúntas sa "ghnáth oideachas" ná pé post a thiocthadh as.

Thosaigh m'aistir i Scoil Chuimsitheach na Ceathrún Rua nuair a thosaigh mé ag glacadh páirt i ranganna damhsa a chuir Ríonach Ní Néill ar bun sa scoil. Ar ndóigh, mar gur mé an t-aon bhuachaill a bhí ag glacadh páirt, bhí ag magadh fúm. Mar sin féin, dúirt Ríonach go bhfaca sí go raibh bua agam agus d'impí sí orm coinneáil leis an damhsa agus fiú tuilleadh oiliúna



a lorg. Níor thuig mé an comhairle sin ag an am, ach blianta ina dhiaidh sin d'aithin mé gurb é an damhsa a theastaigh uaim mar ghairm.

Thosaigh mé ag déanamh taighde ar dhamhsa. Bhailigh mé eolas faoina lán daimhseoirí ag dul siar céad bliain roimhe sin, daimhseoirí a bhain clú agus cáil amach agus go deimhin saibhreas chomh maith.

Fuair mé eolas faoi scoil i mBaile Átha Cliath a chuir traenáil i mbun leibhéil Bailé Clasaiceach agus Damhsa Nua-Aimseartha ar fáil. Ghlac an scoil sin liom agus fuarthas an-traenáil uathu. Tar éis dhá bhliain a chaitheamh leo, glacadh liom sa scoil bailé ardghradaim Rambert, i Londain.



Tar éis áit a ghlacadh i Rambert thuig mé gur thosaigh formhór na daimhseoirí nuair a bhíodar óg, ach mar sin féin, choinnigh mé leis. D'fhanfadh mé deireanach ag cleachtadh sna hoícheanta. Dhéanfainn na gnáth rudaí sa bhaile – ithe, ól, siopadóireacht, ach nuair a bhí an dream eile sa teach ina gcodladh d'éalóinn go dtí an seomra mór chun tuilleadh cleachtadh a dhéanamh, scaití go dtí an dó a chlog ar maidin. Tháinig feabhas orm go sciobtha agus thosaigh daimseoirí agus múinteoirí do mo thabhairt faoi deara. Ag deireadh mo chéad bliana, bhí sé d'onóir agam damhsa sa Royal Opera House, os comhair lucht féachana de 2,300, an bhanríon Eilís ina measc. Is mise an chéad mac léinn de chuid Rambert a rinne a leithéid. Bhain mé céim le céad onóracha amach tar éis trí bliana i Rambert. Ar mo lá deiridh ann, ag an seó do bhronnadh na gcéimeanna, fuair mé cuireadh ó stiúrthóir bailé as an nGearmáin, dhá bhliain a chaitheamh ar chonradh do dhaimhseoir aonarach sa tír sin. Chas mé lena lán daimhseoirí an fhad is a bhí mé ansin agus ghlac mé ionsporáid uathu. Tar éis an Ghearmáin chuaigh mé dtí an Eilbhéis, an áit a bhím ag damhsa faoi láthair.

Fuarthas deis damhsa in amharclann halla na cathrach anuraidh agus in áiteanna i bhfad ó bhaile ar nós Hong Kong agus an Astráil. Táim thar a bheith buíoch as an lá fadó a tháinig Ríonach Ní Neill go dtí an Scoil Chuimsitheach. Táim sona sásta i mo ghairm. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh chomh maith, le mo thuismitheoirí Johnny Jimmy agus Bairbre Mc Donagh agus mo mhuintir ar fad as ucht an tacaíocht a thugadar dom thar na blianta.

Linda Bhreathnach

Aisteoir

Chuir mé spéis riamh san aisteoireacht agus bhí an t-ádh orm go raibh Pléaráca Chonamara ar leac an dorais agam agus mé ag éirí aníos i Ros Muc. Is maith is cuimhin liom a bheith ag glacadh páirte i ngeamaireachtaí an Phléaráca is mé ag dul ar scoil agus sheas an taithí sin dom nuair a thug mé faoi ghairm na haisteoireachta go lán-aimseartha.

Ceann de na gnéithe is deise a bhaineann le léirithe an Phléaráca ná go mbíonn pobal láidir páirteach iontu idir sean agus óg, ar an stáitse agus ar chúl stáitse chomh maith.



Linda Bhreathnach

Úna Ní Cheannabháin (Bairéad)

Le Mairéad Ní Cheannabháin (deirfiúr Úna)

I 1972 a rugadh Úna i nDoire Iorrais. Ba í an dara clainne í ag Michael agus Mary Anne Canavan. Bhí beirt deirfiúr agus deartháir aici, Máire, Colm agus Mairéad. D'fhreastail sí ar Scoil Náisiúnta Naomh Ciarán i gCill Chiaráin agus ansin chuaigh sí ar aghaidh chuig Gairmscoil na bPiarsach i Ros Muc. Is iomaí cara a bhí ag Úna agus í sa nGairmscoil agus fuair sí oideachas den scoth ansin. Ba í Caitlín Uí Chonaola, nach maireann, a bhí ina príomhoide sa scoil ag an am. Nuair a bhí Úna sa gceathrú bliain scríobh sí aiste faoi Chomhphobal na hEorpa. Bhuaigh sí comórtas aistí agus ba é an duais ná turas chuig ceanncheathrú an Chomhphobail Eorpaigh sa mBriséil. Thaitin an scoil le hÚna agus bhí sé i gceist aici dul ar aghaidh agus freastal ar choláiste. Rinne sí amhlaidh ach ba ghearr gur thuig sí nár thaitin saol an choláiste léi. Chuaigh sí go Meiriceá ar feadh bliana agus nuair a d'fhill sí fuair sí amach go raibh Pléaráca Teo. tagtha ar an saol.

Bhí Pléaráca ag reáchtáil Scéim Fostaíochta Pobail. Ghlac Úna páirt sa gcéad scéim a mhair ar feadh trí bliana. Chuir an eagraíocht béim ar úsáid na n-ealaíon i gceantar tuaithe. Bhain Úna an-sult go deo as an scéim. Ní hamháin go bhfuair sí oiliúint den scoth i gcúrsaí ealaíon agus i gceardaíocht, chuir sí aithne ar dhaoine a bheadh ina dlúthchairde aici an chuid eile dá saol; Bríd Ní Chartúir, Tommy Cevan Ó Niadh, Turloch O'Connor, Seán Leainde, Bridgie Uí Niadh, Bridgie Uí Fhiannachta, Colm De Bhailís, Fionn Ó Sealbhaigh, Brian Ó Croinín, agus go leor eile. Ghlac lucht na scéime páirt i ndrámáíocht agus i bpuipéadóireacht, d'fhoghlaim siad scileanna físe, closamhairc agus agallóireachta, théidís ar chamchuidirteanna ar fud na tíre agus thar lear agus ghlacaidís páirt i bparáidí. Thug Úna agus a cairde ó Phléaráca cuairt ar an mBriotáin bliain amháin mar chuid den scéim agus thaitin an áit go mór léi. Chloisinn Úna ag caint go minic ar an gcaic agus ar an spraoi a bhíodh aici féin agus ag na daoine eile a bhí páirteach sa scéim.

Nuair a chríochnaigh Úna an scéim le Pléaráca fuair sí áit ar chúrsa físe i nGaoth Dobhair. Bhí Teilifís na Gaeilge díreach tagtha ar an saol agus eagraíodh an cúrsa chun oiliúint a chur ar dhaoine i gcúrsaí físe. Is cinnte gur chabhraigh an oiliúint ar fad a fuair sí ar an scéim fostaíochta pobail léi áit a bhaint amach ar an gcúrsa. Chaith sí roinnt míonna ag freastal ar an gcúrsa sin agus díreach ina dhiaidh fuair sí post i Teilifís na Gaeilge. Ní raibh an stáisiún ach cúpla mí ar an aer nuair a thosaigh Úna ag obair ann. Chaith sí beagnach chúig bhliana déag ar fad ag obair ann. D'oibrigh sí ina maor craolacháin agus bhí sé de dhualgas uirthi an sceideal a choinneáil ar an aer. Post dúshlánach agus teicniúil a bhí ann a raibh



Úna lena fear céile Tom



Siúlóid urraithe ar mhaithe le hOspidéal na hOllscoile


an-bhrú ag baint leis ach bean éirimiúil agus stuama a bhí inti agus thaitin an cineál sin oibre léi.

I 1999 a casadh Úna agus Tom ar a chéile. Thit siad i ngrá agus phós siad sa Róimh, áit ar casadh an Pápa Eoin Pól II orthu. Thóg siad teach i Ruisín a'Chaladh, Carna. Bhí Úna sona sásta ina teach nua agus bhí áthas an domhain uirthi féin agus ar Tom nuair a rugadh Abaigh ar dtús, agus ansin Nora agus Páraic. Bhí an saol go maith ach faraor d'athraigh chuile shórt in 2010 nuair a fuair Úna go dona tinn. Fuair muid amach gur ailse a bhí uirthi. Throid Úna go cróga ach in ainneoin na crógachta sin fuair an galar an ceann is fearr uirthi agus d'éag sí an 2ú Bealtaine 2011.

I mí Bealtaine na bliana seo, d'eagraigh Tom agus roinnt de chairde agus de mhuintir Úna siúlóid urraithe ar mhaithe le hOspidéal na hOllscoile, Gaillimh. Ghlac na céadta duine páirt sa tsiúlóid agus bailíodh €16,900. Tá súil againn go mbeidh

sólás le fáil ag duine nó ag clann éigin as an airgead sin.

Airíonn muid uainn Úna go mór agus tá ár gcroí briste. Tógadh uainn í go hóg, ach mairfidh sí inár gcroí agus inár gcuimhne go deo.



Plaic Chuimhneacháin



Úna lena cuid gasúir



Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

Nuachtán bríomhar, seachtainiúil Gaeilge

Déan fógraíocht linn

facebook.com/gaelscal

twitter.com/gaelscal

www.gaelscal.ie

Déan teagmháil le Patricia

+353(0)91 558420

fograi@gaelscal.ie

An Chuasnóg, Baile Ard, An Spidéal, Co na Gaillimhe.